Ard-Rúnaíocht
na Comhairle

**An Bhruiséil, 25 Márta 2022**

**6731/22**

**INST 49**
**ECOFIN 202**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó CHEANNAIRÍ STÁIT nó RIALTAIS na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu, lena gceaptar Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro |

**CINNEADH Ó CHEANNAIRAÍ STÁIT nó RIALTAIS**
**na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas**
**san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta**
**a bhfuil an euro mar airgeadra acu**

**an …**

**lena gceaptar Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro**

Tá CEANNAIRÍ STÁIT nó RIALTAIS na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu,

Ag féachaint don Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 12 den Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta go ndéanfaidh Ceannairí Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil an euro mar airgeadra acu Uachtarán an Chruinnithe Mullaigh Euro a cheapadh trí thromlach simplí ag an am céanna a thoghfaidh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán, agus don tréimhse oifige chéanna.

(2) An 2 Iúil 2019, ceapadh Charles MICHEL ina Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 31 Bealtaine 2022.

(3) D'atogh an Chomhairle Eorpach a hUachtarán ag a cruinniú an 24 Márta 2022.

(4) Ba cheart Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro a cheapadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal aonair*

Athcheapfar leis seo Charles MICHEL ina Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 30 Samhain 2024.